RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1689 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Lúnasa 2023

lena gcláraítear ainm i gclár na sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht ('Twaróg wędzony' (STR))

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ([1]), agus go háirithe Airteagal 52(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun mhír 2(a) d'Airteagal 50 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, rinneadh an t-iarratas a thíolaic an Tuirc ar chlárú an ainm 'Twaróg wędzony' a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]).

(2) Ós rud é nach bhfuair an Coimisiún aon ráiteas freasúra faoi Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, ba cheart an t-ainm 'Twaróg wędzony' a chlárú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Tá an t-ainm 'Twaróg wędzony' (STR) cláraithe leis seo.

Leis an ainm dá dtagraítear sa chéad mhír, sainítear táirge de chuid Aicme 1.3. Cáiseanna faoi mar a liostaítear in Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún ([3]).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Lúnasa 2023.

Thar ceann an Choimisiúin,
Thar ceann an Uachtaráin,
Janusz WOJCIECHOWSKI
Comhalta den Choimisiún

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 97.
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 179, 19.6.2014, lch. 36).